OPW Oifig na nOibreacha Poiblí Office of Public Works

Fáilte go Caisleán Chill Chainnigh

Chun cabhrú lenár gcuairteoirí agus lenár bhfoireann a choimeád sábháilte, rinneamar roinnt athruithe ar an láithreán agus bheimis buíoch da bhféadfá an treoir thíos a leanúint.

Chun líon na gcuairteoirí a choimeád ag leibhéal sábháilte, athraíodh an leagan amach agus sruth an bhealaigh turais go córas aontreo docht. Lean na comharthaí laistigh den Chaisleán le do thoil. Ná suigh ar an troscán le do thoil agus seachain aon cheann dár dtaispeántais/troscán.

B'fhéidir nach mbeadh ár bhfoireann treorach i gcónaí in ann mioncheist a fhreagairt le linn do chuairte, ach má chuireann tú do cheist ar ríomhphost chuig kilkennyguides@opw.ie, déanfaidh ár bhfoireann treorach a ndícheall chun an t-eolas atá á lorg agat a thabhairt duit.

Le chéile is féidir linn cuairt shábháilte agus taitneamhach go Caisleán Chill Chainnigh a chinntiú.

Seasann **CAISLEÁN CHILL CHAINNIGH** go dramatúil ar airde straitéiseach go hard os cionn Abhainn na Feoire a fhéachann anuas ar Ard-Bhaile Chathair Chill Chainnigh. Le linn na n-ocht gcéad ó bunaíodh é, rinneadh go leor athruithe agus leasuithe ar dhéantús an fhoirgnimh, rud a fhágann go bhfuil Caisleán Chill Chainnigh inniu ina struchtúr casta de stíleanna ailtireachta éagsúla. Tógadh an caisleán cloiche bunaidh Angla-Normannach do William Marshal, 4ú Iarla Pembroke (c.1146-1219) le linn na chéad deich mbliana den 13ú haois. Bhí Caisleán Chill Chainnigh ina phríomháit chónaithe Éireannach don teaghlach cumhachtach Butler ar feadh beagnach 600 bliain. Thosaigh úinéireacht Butler nuair a cheannaigh James (c.1360-1405), 3ú Iarla Ormond, an caisleán c.1391, agus mhair sé go dtí 1967 nuair a chuir Arthur, 6ú Marcas Ormonde (1893-1971), é faoi bhráid mhuintir Chill Chainnigh mar chúiteamh ar íocaíocht shiomblach de £50. Tá na foirgnimh faoi chúram Oifig na nOibreacha Poiblí ó 1969 agus rinneadh go leor clár ábhachtach tochailte, caomhnaithe agus athchóirithe seandálaíochta.

Athchóiríodh **An Seomra Cúlaithe** go dtí a comhréireana bunaidh ó na 1830í. Le linn na1850í, tháinig na mná isteach anseo ón seomra suí, ag fágáil na bhfear chun taitneamh a bhaint as a bport agus a dtodóga. Ar na ballaí tá iarsmaí de pháipéar balla Síneach péinteáilte le lámh le hinlíonadh monacrómach ó stúideo David Skinner. Is macasamhlú ón 19ú hAois é an teallach de dhearadh Francach níos luaithe.

An Seomra Bia: Ba é seo seomra bia foirmiúil an Chaisleáin go dtí na 1860aidí nuair a rinneadh seomra billéardaí de. Bhíodh dhá sheomra bia i dtithe na n-uaisle de ghnáth, seomra amháin d'ocáidí foirmiúla agus ceann eile don ghnáthlá.

An Halla Iontrála: Tá halla iontrála anseo ó atógáil an chaisleáin sa 17ú haois ach tá spás níos mó ann anois. Rinneadh an doras tríd an múr cosanta ollmhór a athmhúnlú faoi dhó sa 19ú haois. Baineann an t-urlár cloiche dubh agus bán le hatógáil na 19ú haoise freisin agus tugann bonn ón 18ú haois tacú don tábla marmair. Tá na portráidí ón mbailiúchán teaghlaigh, a cheannaigh rialtas na hÉireann ó eastáit an teaghlaigh i 1995.

An Staighre Mór: Dhear agus rinne gnólacht áitiúil R. Furniss and Son, ó Chill Chainnigh an staighre mahagaine ón 19ú haois a théann isteach sa Seomra Taipéise, agus a chasann ansin chun rochtain a thabhairt ar an gcéad urlár.

An Seomra Taipéise: Tá an seomra seo sa Túr Thuaidh ina bhfuil ballaí tiubha ón 12ú céad. Léiríonn cruth poll eochrach na síleála mar ar cuireadh túr cearnógach leis an gcloigtheach go luath sa 15ú céad.

Leabharlann: Is athcruthú é an maisiú de na stíleanna feistis ó lár go dtí deireadh na 19ú haoise. A bhuíochas le hiarsma a fuarthas taobh thiar de bhord sciorta, fuadh poiplín síoda Francach go speisialta ar na ballaí agus tá sé bunaithe ar an bpátrún bunaidh de chuid an ghnólachta Prelle de Lyons. Baineann na cuirtíní síoda damask leis an ngnólacht céanna agus is athchruthú bunaidh agus comhionann iad na téastair le duilleog ar dhath an óir curtha orthu. Atáirgeadh na leabhragáin ón macasamhail ghloinithe bhunaidh sa chúinne

deiridh ar dheis. Athchóiríodh an scáthán os cionn an mhatail freisin agus cuireadh dath an óir arís air.

Tá pictiúir mharthanacha ón mbailiúchán bunaidh Ormonde sa **Pharlús** a bhaineann leis an tréimhse stíle chéanna. Ar an mballa deiridh, baineann an pictiúr 'The Five Eldest Children of Charles I' leis an 17ú haois, péinteáilte ag ealaíontóir inaithnid bunaithe ar an mbunleagan ón bpéintéir Pléimeannach, An tUasal Anthony van Dyck.

Tá **An Straighre Príobháideach** ó atógáil na 1830í déanta as eibhir agus téann sé isteach i bpasáiste an tseomra leapa den tréimhse chéanna. Tagann an obair plástair maisiúil níos luaithe atá ar an síleáil ón Túr Theas.

An Pasáiste Gorm: Bhí an Dánlann Fhada bhunaidh ón 16ú haois suite anseo. Le linn na 17ú hAoise, ba é bailiúchán pictiúr Ormonde an ceann ba mhó sa tír.

Naíolann Victeoiriach: Tugann an seomra seo léargas fíorshuimiúil ar an óige sa 19ú hAois. Tá feistis oiriúnach don tréimhse le feiceáil ann lena n-áirítear cathaoir leanaí, cliabhán agus cruib maraon le gach rud eile lena mbeifeá ag súil go mbeadh ag leanbh rachmasach ón am.

An Seomra Leapa Gorm: Tá an Seomra Leapa Gorm suite os cionn Thúr na hAbhann agus tá a ainm bunaithe ar dhath an pháipéir ghaléanta balla ar a bhfuil dearadh de chuid William Morris.

An Seomra Leapa Síneach: Tá an seomra seo maisithe le hatáirgeadh nua-aoiseach ar bhalla páipéar Síneach lámh-phéinteáilte. Leantar den téama *Chinoiserie* seo sa sciath oirthearach agus sa chaibinéad laicearaithe.

Cuireann **An Staighre Múrach** spás corraitheach, nuálaíoch ar fáil. Chruthaigh na hailtirí Deane agus Woodward é chun rochtain níos fearr a thabhairt don Dánlann Pictiúr agus staighre mór eile a sholáthar sa bhfoirgneamh seo le cruth neamhghnáthach. Is staighre leath-chas é a ardaíonn timpeall falla atá soilsithe ag solas na spéire. Tugtar aitheantas don snoíodóir cloiche Charles William Harrison (1835-1903), don duilliúr nádúraíoch snoite agus na sonraí beaga ainmhithe a mhaisíonn an staighre.

Tógadh **An Dánlann Pictiúr** le linn an chláir tógála go luath sa 19ú haois a rinne an t-ailtire William Robertson agus tógadh é ar bhunsraitheanna a bhí ann níos luaithe. Bhí Dánlann Pictiúr Robertson i stíl Bharúnach Chaisealach, ag teacht lena chuid oibre ar an gcuid eile den chaisleán. Tógadh é ar dtús ar dhíon cothrom a chruthaigh fadhbanna go luath tar éis a tógála. Glaodh ar an ngnólacht ailtireachta iomráiteach Deane and Woodward le linn na 1860í chun athruithe a dhéanamh ar dhearadh foriomlán bloc na Dánlainne Pictiúr agus ceartúcháin eile ar obair Robertson. Áiríodh leis na hathruithe seo ceithre fhuinneog oiriail a cuireadh isteach sa bhalla thiar agus na hocht bhfuinneog a bhí ann a bhlocáil, agus cuireadh fuinneog oiriail eile isteach sa bhall thoir. Cuireadh díon claonta in áit le gloiniú lárnach. Tácaíonn coirbéil chloiche snoite le díon bíoma an chasúir de chuid Harrison. Ba é John Hungerford Pollen (1820-1902) a mhaisigh é, an tOllamh le Mínealaíona ag Coláiste Newman, Baile Átha Cliath ag an am, ag úsáid meascán de mhóitífeanna samhail-mheánaoiseacha agus réamh-Rafaeilíteacha, le crosfhí, cinn ainmhithe agus éanlaithe óraithe ar na bíomaí croise.

Tá an **Teallach Marmair** déanta as marmar Carrara agus dhear J. H. Pollen é i stíl samhail-mheánaoiseach freisin. Chuir an gnólacht Ballyntyne i Sráid Dorset, Baile Átha Cliath, ar fáil é. Clúdaíonn snoíodóireacht duilliúr a chuirtear i leith Charles Harrison an cochall agus tá fríos thíos faoi maisithe ag airm Butler/Ormonde agus imeachtaí suntasacha ó stair an teaghlaigh.

Pictiúir: Baineann cuid de na portráidí sa seomra seo leis an 17ú haois agus baineann cuid eile acu le dáta níos déanaí. Sa 19ú haois, bhí beagnach 300 pictiúr sa bhailiúchán pictiúr i gCaisleán Chill Chainnigh; meascán de phortráidí sinsearacha agus ríoga, tírdhreacha Ísiltíreacha, pictiúir reiligiúnda Iodálacha, agus tírdhreacha sa stíl Iodálach.

An Pasáiste Cistine: Tá an pasáiste síos trí staighrí gearra ón Dánlann Pictiúr.

An slí amach

Tá súil againn gur bhain tú taitneamh as do chuairt ar Chaisleán Chill Chainnigh, a taillte fairsinge agus a gairdín.

This page is not for printing!

Version	Date	by	Changes
2.0			-
2.1	05 May 2021	Owen	This is based on the last Irish version which included Covid introductory paragraphs (tr_ir_1430_kkc leaflet). It incorporates the changes made in KKC A4 leaflet English versions 2.0 and 2.1. Tapestry Room and ~~Blue~~ Chinese Bedroom sections reinserted as English pending location of Irish text. Removed line between columns, increased space between columns, reduced margins. Added 'An Seomra Grosvenor'. Added footer to record version number.
2.2			-
2.3	06 May 2021	Owen	Changed 'The Grosvenor Room' to 'The Serving Room' (An Seomra Grosvenor' to 'An seomra Freastalaithe' Replaced Tapestry room text with that from the A5 colour leaflet as we have the Irish version of that. Replaced ~~Blue~~ Chinese Bedroom text with a sentence from the green Visitors Guide book as we have the Irish version of that. Added An slí amach (Exit) at the end
3.1	16 September 2021	Owen	Changed order to reflect route without Serving Room: • Swapped order of 'The Undercroft' and 'Medieval Foundations'. • Deleted 'The Serving Room'. • Swapped position of 'Entrance Hall' and 'Withdrawing Room'. The fireback and wallpaper are gone from Dining Room so replaced text with some copied from the A5 colour leaflet. Deleted the paragraph on the Private Sitting Room (Seomra Suí Príobháideach). Inserted text for the reopened Blue Bedroom (text from green Visitors Guide book). Expanded the description of the Chinese bedroom as the Chinese cabinet is back in this room (text from green Visitors Guide book). Corrected Irish title for Chinese Bedroom (An Seomra Leapa Síneach). Standardised punctuation and headings. Introduced styles to allow for easier sizing changes and replaced carriage returns with paragraph spacing.
3.2	23 Dec 2021	Owen	Removed Undercroft and Medieval Foundation sections as they will not be included on the self-guided tour. Increased paragraph spacing.